Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/6672

30.10.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M. 11706 – CINVEN / AISE / FRESSNAPF)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/6672)

1. An 24 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Cinven Capital Management (VII) General Partner Limited (UK), ar le Cinven Group ('Cinven') é,

— Allegro Invest SE ('AISE') (an Ghearmáin),

— Fressnapf Holding SE ('Fressnapf') (an Ghearmáin), atá faoi rialú AISE amháin.

Gheobhaidh Cinven agus AISE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Fressnapf.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar. Tá cuideachtaí punainne Cinven gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear monarú agus soláthar bia peataí.

— Is meán infheistíochta é AISE ag a bhfuil cuideachtaí punainne atá gníomhach i miondíol oiriúintí peataí agus bia peataí.

3. Tá Fressnapf gníomhach i soláthar táirgí cúraim peataí lena n-áirítear bia peataí agus oiriúintí peataí, soláthairtí peataí agus soláthairtí zó-eolaíocha, ar an leibhéal miondíola trí thart ar 2,100 siopa atá lonnaithe i 14 thír ar fud na hEorpa.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11706 – CINVEN / AISE / FRESSNAPF

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË